Comhairle an Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 20 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14071/25**

| | |
|---|---|
| **COASI 125** | **AG 156** |
| **ASIE 42** | **POLMIL 311** |
| **CFSP/PESC 1480** | **POLCOM 299** |
| **RELEX 1302** | **DIGIT 197** |
| **ENER 530** | **AGRI 494** |
| **ENV 1027** | **TRANS 471** |
| **CLIMA 440** | **EDUC 385** |
| **DEVGEN 176** | **MIGR 348** |
| **ECOFIN 1355** | **COAFR 275** |
| **COMPET 1018** | **MOG 123** |
| **RECH 445** | **GLOBAL GATEWAY 33** |
| **FIN 1212** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13674/25 |
| Ábhar: | Cur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 20 Deireadh Fómhair 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 4125ú cruinniú a bhí aici an 20 Deireadh Fómhair 2025.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach

1. Measann an Chomhairle gur cheart don Aontas a fhócas straitéiseach, a láithreacht agus a ghníomhaíochtaí sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a threisiú chun cur le cobhsaíocht, slándáil, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe an réigiúin, bunaithe ar an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn. Neartóidh an tAontas a ról mar ghníomhaí iontaofa a thugann breisluach don chaidreamh seanbhunaithe leis na comhpháirtithe uile sa réigiún. Tá sé sin ábhartha go háirithe ós rud é go bhfuil láithreacht gheografach ag an Aontas sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach trína réigiún is forimeallaí agus trí thíortha agus críocha thar lear. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil sí tiomanta láithreacht pholaitiúil an Aontais agus na mBallstát sa réigiún a chomhordú go dlúth.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sé i gceist i gcónaí i Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach creat fónta maidir le ról an Aontais sa réigiún a chumhdaíonn cósta thoir na hAfraice go dtí oileáin an Aigéin Chiúin. Tugann sí dá haire na céimeanna tábhachtacha a tugadh chun an Straitéis a chur chun feidhme sna seacht bpríomhréimse tosaíochta, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, agus aird ar leith á tabhairt ar thrí chroíleibhéal tosaíochta: dúshláin slándála agus chosanta, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus slándáil trádála agus eacnamaíoch. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil a tiomantas don réigiún cuimsitheach i leith na gcomhpháirtithe uile ar mian leo comhoibriú leis an Aontas. Tá sineirgí tábhachtacha ann freisin idir straitéisí agus creataí roinnt Ballstát de chuid an Aontais agus Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach.

3. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil sé d’aidhm ag rannpháirtíocht straitéiseach an Aontais sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, lena n-áirítear le heagraíochtaí réigiúnacha mar shampla Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, Fóram Oileáin an Aigéin Chiúin, Comhlachas Imeall an Aigéin Indiaigh agus an Coimisiún um an Aigéan Indiach, an córas iltaobhach agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chaomhnú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas toilteanach leanúint den chomhar le comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha chun cearta an duine agus an daonlathas a chosaint agus a chur chun cinn agus tugann sí dá haire ag an am céanna go bhfuil rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ríthábhachtach chun sochaithe cuimsitheacha, sábháilte agus rathúla a thógáil.

4. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair lena chomhpháirtithe ar mhaithe le haistriú chuig geilleagair ghlasa chiorclacha, timpeallacht oscailte chothrom don trádáil agus don infheistíocht, slabhraí soláthair a dhaingniú, agus tacú le nascacht leis an Aontas. Tá ról ríthábhachtach ag Global Gateway maidir le borradh a chur faoi naisc chliste, ghlana agus shlána, agus béim á leagan ar bhonneagar ardcháilíochta athléimneach i gcomhpháirtíocht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, le hinstitiúidí maoinithe forbraíochta Bhallstáit an Aontais agus le gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin, chomh maith leis an earnáil phríobháideach.

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil dúshláin slándála atá ag éirí níos casta os comhair an Aontais agus na gcomhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha agus go bhfuil slándáil an réigiúin Ind-Chiúin-Aigéanaigh agus na hEorpa níos idirnasctha ná riamh. Maidir le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus tacaíocht ag an Rúis ó thríú tíortha – lena n-áirítear Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré – tá tionchar díreach aige ar an tslándáil agus ar an rathúnas san Eoraip agus sa réigiún Ind- Chiúin-Aigéanach, agus leis sin éascaítear go gníomhach na hiarrachtaí cogaidh. Tathantaíonn an Chomhairle ar na tíortha uile deireadh a chur láithreach le haon chúnamh díreach nó indíreach a thugtar don Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin. Is féidir leis na teannais leanúnacha i Muir na Síne Theas agus i Muir na Síne Thoir agus ar fud Chaolas na Téaváine tionchar ollmhór a imirt ar shlándáil, cobhsaíocht agus rathúnas na hEorpa agus an réigiúin Ind-Chiúin-Aigéanaigh freisin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí i gcoinne aon iarrachtaí aontaobhacha an *status quo* a athrú le forneart nó le comhéigean. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar atá á dhéanamh le comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le soithí scáthchabhlaigh a sháraíonn rialacha idirnáisiúnta muirí, rud a chuireann an mhuirthimpeallacht san Aontas agus sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach i mbaol agus a d’fhéadfadh rioscaí do bhonneagar criticiúil muirí a chruthú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis mhór imní di an staid reatha san Afganastáin agus i Maenmar araon. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici síocháin chóir chuimsitheach mharthanach a bhaint amach sa Mheánoirthear ar bhonn an réitigh dhá Stát.

6. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfadh an tAontas agus a Bhallstáit den chomhar a fhorbairt a thuilleadh i bpríomhréimsí áirithe, mar shampla, an tslándáil mhuirí, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, cibearshlándáil, comhrac na sceimhlitheoireachta agus slándáil spáis, agus de shineirgí a neartú le príomh-chomhpháirtithe, mar aon le heagraíochtaí ábhartha sa réigiún, agus Cairt na Náisiún Aontaithe á hurramú go hiomlán, lena n-áirítear trí thionscadail arna gcistiú ag an Aontas, mar shampla, CRIMARIO[1], ESIWA+[2] agus GPS[3]. Meabhraítear don Chomhairle na Comhpháirtíochtaí Slándála agus Cosanta leis an tSeapáin agus le Poblacht na Cóiré lena gceadófar tuilleadh comhair i réimsí a comhaontaíodh go comhpháirteach, agus tá sí ag súil go bhféadfaí tuilleadh de na comhpháirtíochtaí sin a thabhairt chun críche, faoi réir fhormheas na Comhairle. Meabhraítear don Chomhairle freisin an luach a bhaineann le cur chuige cuimsitheach i leith na slándála, bunaithe ar thaithí na mBallstát leis an tsamhail ullmhachta uile-shochaí.

---

[1] Bealaí Muirí Criticiúla sa Réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach.
[2] Feabhas a chur ar an gcomhar slándála san Áise agus leis an Áise.
[3] Sábháilteacht na gCalafort Domhanda.

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe mar a léirítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), agus le díospóidí a réiteach go síochánta i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear faoi shásraí UNCLOS um réiteach díospóidí. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá rannchuidiú Oibríocht ASPIDES leis an tslándáil mhuirí a neartú agus lánaí farraige idirnáisiúnta ón Eoraip tríd an Muir Rua go dtí an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a chosaint. Is díol sásaimh don Chomhairle an méid a chuireann fórsaí cabhlaigh thíortha comhpháirtíochta an réigiúin Ind-Chiúin-Aigéanaigh le saoirse loingseoireachta a chaomhnú, le comhrac na píoráideachta agus bagairtí eile ar an tslándáil mhuirí, mar shampla an choireacht eagraithe, an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí agus an iascaireacht neamhdhleathach neamhrialáilte neamhthuairiscithe, lena n-áirítear trína gcomhar le hOibríocht ATALANTA. Tá an Chomhairle i bhfabhar feasacht ar dhálaí muirí a threisiú a thuilleadh, d'fhonn measúnú comhroinnte, comhordú agus idir-inoibritheacht a chur chun cinn. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil athléimneacht an bhonneagair mhuirí chriticiúil ríthábhachtach do shlándáil agus rathúnas an Aontais agus a chomhpháirtithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, agus go bhfuil gá le hiarracht chomhbheartaithe chomhordaithe chun é a chosaint. Is díol sásaimh don Chomhairle an t-imeacht eile atá ar na bacáin atá tiomnaithe do bhonneagar chriticiúla mhuirí a thionólfar ar imeall an chéad Fhóraim Aireachta eile de chuid an Aontais maidir leis an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach. Leanann an tAontas de chomhthuiscint a chur chun cinn maidir leis na bagairtí agus na dúshláin atá ann cheana don bhonneagar criticiúil atá idirnasctha den chuid is mó agus molann sé dea-chleachtais agus freagairtí a chomhroinnt.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas do Chomhaontú Pháras, don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus don aistriú glas a chur chun cinn ar fud an domhain, go háirithe le comhpháirtithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach. Tá an sprioc chomhchoiteann chéanna ag an Aontas geilleagar atá saor ó charbón agus athléimneach a bhaint amach faoi 2050 le tíortha Ind-Chiúin-Aigéanacha. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur bagairt eiseach agus slándála é an t-athrú aeráide sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an tAontas le maolú, oiriúnú agus athléimneacht atá cuimsitheach, cothrom agus inscne-fhreagrúil i leith an athraithe aeráide, go háirithe do na limistéir sin is mó atá buailte, lena n-áirítear na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do chosaint na n-aigéan agus tacaíonn sé le Straitéis 2050 maidir le Mór-roinn Ghorm an Aigéin Chiúin. Thairis sin, measann an Chomhairle go bhfuil an gníomhú ar son na haeráide á chur chun cinn freisin ag Global Gateway agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha an Aontais sa réigiún mar shampla na Comhghuaillíochtaí Glasa, Comhpháirtíochtaí Glasa agus Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir, chomh maith leis an gComhghuaillíocht Ghlas/Ghorm.

9. I bhfianaise an idirspleáchais eacnamaíoch atá ag dul i méid i gcónaí idir an tAontas agus an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus i bhfianaise na mbagairtí ar an gcóras trádála domhanda agus ar athléimneacht an tslabhra soláthair, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé don Aontas comhpháirtíochtaí trádála ar fud an Aigéin Chiúin a neartú a thuilleadh. Tá sé beartaithe ag an Aontas freisin comhar a dhéanamh agus naisc thrádála a neartú leis an gComhaontú Cuimsitheach Forásach do Chomhpháirtíocht an Aigéin Chiúin chun córas iltaobhach trádála atá oscailte agus bunaithe ar rialacha a chur chun cinn. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá na hiarrachtaí chun an Comhaontú Cuimsitheach Comhpháirtíochta Eacnamaíche leis an Indinéis a thabhairt i gcrích, a bheidh le scrúdú ag an gComhairle, agus a thábhachtaí atá sé leanúint den chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair ar chomhaontuithe trádála leis an India, leis an Téalainn, leis na hOileáin Fhilipíneacha, leis an Malaeisia, leis an Astráil agus le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha chomh maith leis an móiminteam a choinneáil i ndáil le deiseanna caibidlíochta a fhiosrú maidir le comhaontuithe trádála breise atá uaillmhianach, cothrom agus a léiríonn tosaíochtaí agus luachanna an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle an dlúthchomhar maidir le rialachas digiteach domhanda le comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha i bhfóraim iltaobhacha agus go háirithe an dul chun cinn atá déanta maidir leis na Comhpháirtíochtaí Digiteacha a comhaontaíodh le comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin Comhaontú Shamó mar chreat lárnach chun naisc pholaitiúla agus eacnamaíocha le tíortha ACC a neartú.

10. Ag tógáil ar thrí Fhóram Aireachta rathúla idir an tAontas agus an tAigéan Ciúin (Páras 2022, Stócólm 2023 agus an Bhruiséil 2024), tá an Chomhairle ag tnúth leis an gCeathrú Fóram Aireachta idir an tAontas agus an tAigéan Ciúin, a bheidh le tionól ag an Ardionadaí sa Bhruiséil an 20 agus an 21 Samhain 2025. Is ardán uathúil iad na Fóraim Aireachta sin idir an tAontas agus an tAigéan Ciúin chun idirghníomhú go straitéiseach le lucht spéise sa dá réigiún. Léiríonn siad leas láidir comhroinnte an Aontais agus na gcomhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha maidir le comhar nithiúil a chothú, lena n-áirítear ar bhonn idir-réigiúnach, chun feabhas a chur ar an tslándáil fhrithpháirteach, ar an rathúnas agus ar an athléimneacht agus chun na forais a leagan síos le haghaidh comhpháirtíocht níos uaillmhianaí ná riamh.